II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

CINNEADH (AE) 2023/2079 ÓN gCOMHAIRLE

an 18 Meán Fómhair 2023

maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin maidir le forálacha áirithe de chomhaontuithe idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus an tSeapáin maidir le haersheirbhísí

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2), i gcomhar le hAirteagal 218(6), pointe (a), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2023/362 ón gComhairle ([2]), síníodh an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin maidir le forálacha áirithe de chomhaontuithe idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus an tSeapáin maidir le haersheirbhísí ('an Comhaontú') an 20 Feabhra 2023, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(2) Tá sé de chuspóir ag an gComhaontú comhaontuithe déthaobhacha maidir le haersheirbhísí idir 13 Bhallstát agus an tSeapáin a chur i gcomhréir le dlí an Aontais.

(3) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, déantar an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin maidir le forálacha áirithe de chomhaontuithe idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus an tSeapáin maidir le haersheirbhísí a fhormheas thar ceann an Aontais ([3]).

Airteagal 2

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 6(1) den Chomhaontú ([4]).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

([1]) Toiliú an 11 Iúil 2023 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

([2]) Cinneadh (AE) 2023/362 ón gComhairle an 14 Feabhra 2023 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin maidir le forálacha áirithe de chomhaontuithe idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus an tSeapáin maidir le haersheirbhísí (IO L 50, 17.2.2023, lch. 1).

([3]) Féach leathanach 2 den Iris Oifigiúil.

([4]) Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.